Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13215/23**
**ADD 1**

**ECOFIN 902**
**FIN 937**
**UEM 250**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta: Ag bogadh ar aghaidh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 545 final IARSCRÍBHINN 1 Part 1/2.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.9.2023
COM(2023) 545 final

ANNEX 1 – PART 1/2

**IARSCRÍBHINNÍ**

***a ghabhann leis an***

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta: Ag bogadh ar aghaidh**

## *IARSCRÍBHINN 1 – Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i mBallstáit de chuid an Aontais*[1]

***An Bheilg***

***Chuir an Bheilg a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 30 Aibreán 2021.*** *Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2021 agus formheas na Comhairle an 13 Iúil 2021, fágadh an bealach saor chun EUR 5,9 billiún a eisíoc i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF le linn 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán RRF, an 30 Meitheamh 2022 rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Bheilg a thabhairt cothrom le dáta go EUR 4,5 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.*

***I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Bheilg isteach RRP leasaithe chuig an gCoimisiún an 20 Iúil 2023*** *chun ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe san RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF, agus chun iasachtaí breise a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán RRF. Áirítear san RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, agus soghluaisteacht inbhuanaithe. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na Beilge fós ar siúl tráth a bhfuil an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.*

***Tá sé d'aidhm ag RRP tosaigh na Beilge, arb é an RRP é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le hoibreacha soghluaisteachta agus poiblí, táirgiúlacht, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht, agus cuimsiú digiteach agus sóisialta.*** *Tá sé comhdhéanta de 35 athchóiriú agus 105 infheistíocht a dtacaíonn tacaíocht neamh- inaisíoctha EUR 5,9 billiún leo, ar fiú 1.2 % den OTI í. Glacadh le pleananna téarnaimh comhlántacha ar leibhéil dhifriúla den rialtas. D'eisíoc an Coimisiún EUR 770 milliún don Bheilg i réamh- mhaoiniú an 3 Lúnasa 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.*

***Tá cur chun feidhme RRP na Beilge faoi lán seoil, ach tá baol ag méadú i gcónaí go mbeidh moilleanna ann.*** *Níl iarratas ar íocaíocht curtha isteach ag an mBeilg go fóill. Beidh gá le rialachas éifeachtach chun go bhféadfar é a chur chun feidhme go mear agus go leanúnach.*

*Léirítear sna graif a leanas an sciar de chistí RRF leithdháilte do gach colún beartais in RRP na Beilge.*

[1] Chun críoch na hiarscríbhinne seo, cuirtear i láthair na sonraí agus na figiúirí ar fad le scoithdháta an 1 Meán Fómhair 2023, cé nach bhfuil aon athrú ar an bhfaisnéis maidir le staid reatha chur chun feidhme phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát ó na Tuarascálacha Tíre a foilsíodh i Seimeastar Eorpach 2023 – pacáiste an Earraigh.

***Thairbhigh Stocmhalartán na Bruiséile de thacaíocht RRF as an athchóiriú a cuireadh i gcrích le déanaí, a mbeidh caomhnú fuinnimh suntasach dá thoradh.***



Cóipcheart: Rialtas feidearálach na Beilge

*Fíor 1: Sciar de chistí RRF leithdháilte do gach colún beartais – an Bheilg*




***Tabhair faoi deara:*** *Rannchuidíonn gach beart le dhá réimse beartais de na sé cholún. Is ionann an leithdháileadh iomlán chuig gach colún a thaispeántar anseo dá bhrí sin agus 200 % de chostas measta an RRP.Sa chuid íochtair léirítear méid an cholúin phríomha, agus sa chuid uachtar léirítear méid an cholúin tánaistigh.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

*Fíor 2: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an Bheilg*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus costas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

***An Bhulgáir***

***Chuir an Bhulgáir a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 15 Deireadh Fómhair 2021.*** *Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2022 agus formheas na Comhairle an 28 Aibreán 2022, fágadh an bealach saor chun EUR 6,3 billiún a eisíoc i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Bhulgáir a thabhairt cothrom le dáta go EUR 5,7 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha. Níor cuireadh aon athbhreithniú ar an bplean isteach tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.*

***Tá sé d'aidhm ag RRP tosaigh na Bulgáire, arb é an RRP é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus digiteach, timpeallacht an ghnó, lena n- áirítear smacht reachta, cuimsiú sóisialta, rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán, oiliúint agus cúram sláinte.*** *Tá sé comhdhéanta de 47 athchóiriú agus 56 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha EUR 6,3 billiún leo, ar fiú í agus 10.2 % den OTI in 2019.*

***Tá RRP na Bulgáire faoi lán seoil, ach tá baol ag méadú i gcónaí go mbeidh moilleanna ann.*** *Chuir an Bhulgáir iarraidh amháin ar íocaíocht isteach, arb iarraidh í a bhaineann le 22 cheann de gharspriocanna agus spriocanna sa phlean agus arb é an toradh a bhí uirthi gur eisíocadh EUR 1,37 billiún an 16 Nollaig 2022. Cumhdaítear sa 22 gharsprioc lena mbaineann na chéad chéimeanna tábhachtacha in athchóirithe agus infheistíochtaí i dtreo earnáil an fhuinnimh a dhícharbónú, úsáid bonneagair dhigitigh ar mhórscála a chur chun cinn, an córas breithiúnachta a athchóiriú, an creat um an sciúradh airgid a chomhrac a neartú, an earnáil phoiblí a dhigitiú, leordhóthanacht agus cumhdach na scéime íosioncaim a neartú. Áiríodh freisin bearta lena áirithiú go bhfuil an córas iniúchta agus rialaithe maidir leis an RRF a chur chun feidhme ar chaighdeán sách ard. De bharr ardleibhéal éagobhsaíocht rialtais tá moilleanna ar phríomh- athchóirithe reachtacha, amhail iad sin maidir le soláthar poiblí, frithéilliú, agus cuntasacht an ionchúisitheora phoiblí. De bharr easpa cobhsaíochta polaitiúla agus inniúlachta riaracháin freisin tharla moilliú san obair chur chun feidhme ar roinnt infheistíochtaí tábhachtacha fuinnimh agus iompair agus ceistíodh roinnt príomhghnéithe den phlean, is é sin maidir le dícharbónú earnáil an fhuinnimh. Tá cur chun feidhme an phlean mar thosaíocht ag an rialtas nua. Cuireadh moill ar an iarratas ar íocaíocht agus tá sé beartaithe anois le haghaidh Fómhar 2023. Ach, tá riosca suntasach nach gcomhlíonfar roinnt garspriocanna agus spriocanna a bhaineann le príomh- athbhreithnithe tráth an aighneacht a chur isteach. Tá obair ar aguisín an phlean agus caibidil REPowerEU fós ar siúl ach ba cheart í a bhrostú, fad is a dhírítear ar chur chun feidhme. Tá sé neamhshoiléir go fóill cén uair is féidir an obair sin a chur i gcrích de bharr na staide polaitiúla.*

*Léirítear sna graif a leanas staid na hoibre maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an mBulgáir agus le measúnú ag an gCoimisiún ina dhiaidh sin go raibh siad comhlíonta go sásúil, agus áirítear samplaí de bhearta le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.*

***Samplaí de bhearta ábhartha le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta don Bhulgáir***

- ***Athchóiriú***

***Sheol an Bhulgáir athchóiriú, a bhfuil sé mar aidhm leis leordhóthanacht agus cumhdach a scéim íosioncaim a fheabhsú***. *Trí ghlacadh leis na leasuithe reachtacha ábhartha, thug an Bhulgáir isteach méadú de réir a chéile idir 2022 agus 2024 ar na tairseacha ioncaim do gach tairbhí féideartha sa scéim íosioncaim. Is céim thábhachtach í seo chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta sheanbhunaithe sa tír.*

- ***Infheistíocht***

***Chuir an Bhulgáir tús le tógáil chuid de líne mheitreo Sóifia le haghaidh fad iomlán 3 km ag cumhdach trí stáisiún***. *Soláthróidh sé seirbhís iompair phoiblí atá glan, mear, agus éifeachtúil do phaisinéirí le naisc idirmhódúla. Tá coinne leis go gceadóidh an infheistíocht 7,6 milliún paisinéir a iompar in aghaidh na bliana ar an meán ó 2026 ar aghaidh. Trí iompar poiblí a bhreisiú d'áitritheoirí na cathrach, tá coinne leis go mbeidh laghdú i ngáis ceaptha teasa agus truailliú aeir de thoradh an tionscadail seo, chomh maith le laghdú sa líon gluaisteán i gcúrsaíocht sa chathair. Featured: Síníodh na conarthaí maidir leis na hoibreacha tógála agus tá an cur chun feidhme fós ar siúl.*

***Stáisiún na hOllscoile Leighis ar líne Mheitreo 3***



Cóipcheart: Rialtas na Bulgáire

*Fíor 3: Eisíocaíocht in aghaidh an cholúin – an Bhulgáir*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisíocaíocht, ar feadh na sé cholún. Léirítear sa ghraf seo an chaoi a mbaineann eisíocaíochtaí faoi RRF (seachas réamh- mhaoiniú) leis na colúin. Ríomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisíocaíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) a mbearta faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

*Fíor 4: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an Bhulgáir*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus costas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

*Fíor 5: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – an Bhulgáir*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna comhlíonta go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an gharsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

***An tSeicia***

***Chuir an tSeicia a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 1 Meitheamh 2021.*** *Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 19 Iúil 2021 agus formheas na Comhairle an 8 Meán Fómhair 2021, réitíodh an bealach chun EUR 7 mbilliún a eisíoc i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don tSeicia an 30 Meitheamh 2022 a thabhairt cothrom le dáta go EUR 7,7 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.*

***I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an tSeicia isteach RRP leasaithe chuig an gCoimisiún an 30 Meitheamh 2023*** *chun ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe san RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF, agus chun iasachtaí breise a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán RRF. Áirítear san RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, agus bonneagar iarnróid. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na Seicia fós ar siúl tráth a bhfuil an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.*

***Tá sé d'aidhm ag RRP tosaigh na Seicia, arb é an RRP é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an gclaochlú digiteach, leis an aistriú glas, leis an margadh oideachais agus saothair, le riarachán poiblí, taighde agus nuálaíocht agus cúram sláinte.*** *Tá sé comhdhéanta de 37 athchóiriú agus 85 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha níos mó ná EUR 7 mbilliún leo, ar fiú é agus 3 % de OTI 2021 chun cuidiú leis an tír aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shóisialta agus eacnamaíocha phráinneacha. D'eisíoc an Coimisiún EUR 915 mhilliún don tSeicia i réamh- mhaoiniú an 28 Meán Fómhair 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.*

***Tá cur chun feidhme RRP na Seicia faoi lán seoil, ach tá baol ann go mbeidh moilleanna ann.*** *Chuir an tSeicia iarraidh amháin ar íocaíocht isteach a chomhfhreagraíonn do 37 ngarsprioc agus sprioc sa phlean agus a raibh eisíocaíocht fhoriomlán EUR 928 milliún an 22 Márta 2023 mar thoradh uirthi. Cumhdaítear leis na 37 ngarsprioc agus sprioc lena mbaineann curaclaim scoile chun litearthacht dhigiteach agus scileanna digiteacha a chur chun cinn, r- Shláinte, córas iniúchóireachta agus rialaithe na tíre chun RRF a chur chun feidhme agus an dlí maidir le húinéirí tairbhiúla a chlárú, chomh maith le hinfheistíochtaí chun trí dhroichead iarnróid a atógáil, 45 chrosaire comhréidhe iarnróid agus uirlisí digiteacha don oideachas. Tá gá le tuilleadh feabhais a chur ar an gcumas riaracháin agus le tosaíocht a thabhairt do na príomhathchóirithe agus na príomhinfheistíochtaí a bhfuil gá leo i gcomhair cur chun feidhme tráthúil an phlean.*

*Léirítear sna graif a leanas staid na hoibre maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an tSeicia agus le measúnú ag an gCoimisiún ina dhiaidh sin go raibh*

*siad comhlíonta go sásúil, agus áirítear samplaí de bhearta le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.*

***Samplaí de bhearta ábhartha le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta don tSeicia***

- ***Athchóiriú***

***Tháinig Gníomh Tógála nua i bhfeidhm sa tSeicia ag deireadh Mheán Fómhair 2021****. Tá an garsprioc seo mar chuid d'athchóiriú a bhfuil sé mar aidhm leis ardleibhéal digitithe a thabhairt chuig an bpróiseas ceadanna tógála foriomlán. Tríd an digitiú, bhrostaigh an dlí an próiseas um chead tógála agus laghdaíodh an líon údarás rialála atá páirteach. Dá réir sin, níl sé chomh dóchúil go mbeidh ar na gnólachtaí tógála méid díréireach ama agus acmhainní a infheistiú ar mhaithe le cead a fháil. Cuidíonn an líon laghdaithe údarás rialála freisin chun foras a bhunú d'fhonn córais faisnéise agus uirlisí digiteacha nua a chur chun feidhme ina gcuid oibre.*

- ***Infheistíocht***

***Tá infheistíocht mhór á cur chun feidhme ag an tSeicia chun eisiamh digiteach a chosc trí inrochtaineacht trealaimh dhigitigh do na daltaí uile a áirithiú****. Chuir sí cistiú ar fáil le haghaidh trealamh TFC (faisnéis agus cumarsáid) don chianfhoghlaim do scoileanna chun an chianfhoghlaim a chumasú. Móraidhm eile de chuid na hinfheistíochta seo is ea scoileanna a fheistiú leis na bunteicneolaíochtaí agus na hardteicneolaíochtaí digiteacha le tacú le litearthacht dhigiteach agus nuafhoghlaim. Gheobhaidh scoileanna freisin cúnamh teicniúil trí shuíomh gréasáin tiomnaithe, seimineáir ghréasáin, agus líonra tagrán TF.*

***Déanfar 10 000 naíscoil agus scoil a fheistiú le teicneolaíochtaí amhail uirlisí um réaltacht bhreisithe agus fhíorúil, trealamh róbataice, agus printéirí 3T***



*Fíor 6: Eisíocaíocht in aghaidh an cholúin – an tSeicia*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisíocaíocht, ar feadh na sé cholún. Léirítear sa ghraf seo an chaoi a mbaineann eisíocaíochtaí faoi RRF (seachas réamh- mhaoiniú) leis na colúin. Ríomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisíocaíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) a mbearta faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

*Fíor 7: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an tSeicia*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh.* ***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus costas foriomlán measta an RRP faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus costas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF*
*[https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

*Fíor 8: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – an tSeicia*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna comhlíonta go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an gharsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF*
*[https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

***An Danmhairg***

***Chuir an Danmhairg a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 30 Aibreán 2021.*** *Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 agus formheas na Comhairle an 13 Iúil 2021, fágadh an bealach saor chun EUR 1,55 billiún a eisíoc i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF le linn thréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Danmhairg a thabhairt cothrom le dáta go EUR 1,43 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.*

***I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Danmhairg isteach a iarraidh chun caibidil REPowerEU a chur lena RRP an 31 Bealtaine 2023****, le hathchóirithe agus infheistíochtaí a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, scileanna glasa a fhorbairt, gabháil agus stóráil carbóin agus dóirí ola agus foirnéisí gáis a ionadú a thuilleadh. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na Danmhairge fós ar siúl tráth a bhfuil an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.*

***Tá sé d'aidhm ag RRP tosaigh na Danmhairge, arb é an RRP é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus digiteach agus athléimneacht earnáil an chúraim sláinte a neartú.*** *Tá sé comhdhéanta de 10 n- athchóiriú agus 42 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha EUR 1,43 billiún leo, ar fiú é agus 0.46 % den OTI. D'eisíoc an Coimisiún EUR 202 mhilliún don Danmhairg i réamh- mhaoiniú an 2 Meán Fómhair 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.*

***Tá cur chun feidhme RRP na Danmhairge faoi lán seoil.*** *Chuir an Danmhairg iarraidh amháin ar íocaíocht isteach a chomhfhreagraíonn do 25 gharsprioc agus sprioc sa phlean agus a raibh eisíocaíocht fhoriomlán EUR 301 mhilliún an 27 Aibreán 2023 mar thoradh uirthi. Cumhdaítear sna 23 gharsprioc agus 2 sprioc ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí i ndícharbónú talmhaíochta, digitiú an chúraim sláinte, athchóiriú cánacha glasa, cánacha astaíochta ar thionscal, cánachas feithiclí, soghluaisteacht inbhuanaithe, chomh maith le taighde, forbairt, agus nuálaíocht. Anuas ar an gcéad iarraidh ar íocaíocht, tá cur chun feidhme an phlean ar an mbóthar ceart, a mbeidh cur isteach an dara híocaíocht faoi dheireadh 2023 dá thoradh.*

*Léirítear sna graif a leanas staid na hoibre maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an Danmhairg agus le measúnú ag an gCoimisiún ina dhiaidh sin go raibh siad comhlíonta go sásúil, agus áirítear samplaí de bhearta le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.*

***Samplaí de bhearta ábhartha le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta don Danmhairg***

- ***Athchóiriú***

***Tá sé mar aidhm le hathchóiriú ar cháin ghlas infheistíocht i ngnó glas a athbheochan trí dhreasachtaí cánach.*** *Méadóidh sé cánachas fuinnimh agus ar deireadh tabharfar cáin*

*astaíochtaí gás ceaptha teasa isteach. Maidir leis na dreasachtaí breise maidir leis an gcáin ar infheistíocht ghnó agus an cánachas níos airde a fógraíodh ina dhiaidh sin maidir le fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa, léiríonn siad dreasachtaí láidre chun infheistíochtaí a mhéadú in éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.*

- ***Infheistíocht***

***Tá scéim fóirdheontais bunaithe ag an Danmhairg le teacht in ionad dóirí ola agus foirnéisí gáis i dteaghlaigh phríobháideacha le teaschaidéil leictreacha nó téamh ceantair***. *Cumhdaítear sa scéim fóirdheontais cuid de na costais a bhaineann le dóirí ola/foirnéisí gáis i dteaghlaigh phríobháideacha atá ann cheana a ionadú agus teaschaidéil leictreacha a shuiteáil nó rochtain a sholáthar ar théamh ceantair ina n- ionad. Rannchuidíonn sé sin le tomhaltas breoslaí iontaise (ola agus gás) a laghdú fad is a bhrostaíonn sé an t- aistriú glas i dtreo úsáid níos mó a bhaint as foinsí fuinnimh inbhuanaithe (amhail an ghaoth nó an ghrian nó téamh ceantair).*

***Suiteálacha eischósta ag soláthar fuinneamh inbhuanaithe arna dtacú ag bearta RRP***



Cóipcheart: An Coimisiún Eorpach

*Fíor 9: Eisíocaíocht in aghaidh an cholúin – an Danmhairg*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisíocaíocht, ar feadh na sé cholún. Léirítear sa ghraf seo an chaoi a mbaineann eisíocaíochtaí faoi RRF (seachas réamh- mhaoiniú) leis na colúin. Ríomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisíocaíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) a mbearta faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

*Fíor 10: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an Danmhairg*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh.* ***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus costas foriomlán measta an RRP faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus costas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

*Fíor 11: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – an Danmhairg*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna comhlíonta go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an gharsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

***An Ghearmáin***

***Chuir an Ghearmáin a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) tosaigh isteach an 28 Aibreán 2021.*** *Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2021 agus formheas na Comhairle an 13 Iúil 2021, fágadh an bealach saor chun EUR 25,6 billiún a eisíoc i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF le linn thréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Ghearmáin a thabhairt cothrom le dáta go EUR 28 mbilliún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.*

***I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Ghearmáin isteach RRP leasaithe chuig an gCoimisiún an 9 Nollaig 2022*** *chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe san RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF. An nuashonrú ar phlean na Gearmáine, ba nuashonrú teicniúil a bhí ann. Bhain sé le dhá bheart i bplean na Gearmáine, bhain ceann amháin le digitiú iarnróid (de bharr moilleanna eisceachtúla i dtógáil, ba ghá a dháta críochnaithe a chur ar ceal), agus bhain an ceann eile le taighde agus forbairt ar vacsaíní in aghaidh SARS- CoV- 2 (leasú ar gharspriocanna de bharr neamhchinnteacht i dtorthaí T&F). D'fhormheas an Chomhairle an RRP athbhreithnithe an 14 Feabhra 2023 le haghaidh leithdháileadh foriomlán EUR 26,4 billiún. Níor cuireadh aon Chaibidil REPowerEU isteach tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.*

***Tá sé mar aidhm le RRP na Gearmáine atá i bhfeidhm faoi láthair aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus digiteach, a córas oideachais, a cúram sláinte agus a riarachán poiblí a fheabhsú.*** *Tá sé comhdhéanta de 15 athchóiriú agus 25 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha EUR 26,4 billiún leo, ar fiú é agus 0,8 % den OTI. D'eisíoc an Coimisiún EUR 2,25 billiún don Ghearmáin i réamh- mhaoiniú an 26 Lúnasa 2021, suim atá coibhéiseach le 9 % den leithdháileadh airgeadais (tosaigh).*

***Cuidíonn RRP na Gearmáine le saoránaigh aistriú chuig feithiclí leictreacha glana trí thacaíocht airgeadais a thabhairt chun níos mó ná 560 000 feithicil dícharbónaithe a cheannach***



***Tá cur chun feidhme RRP na Gearmáine faoi lán seoil, ach tá moilleanna suntasacha ann.*** *De bharr na n-acmhainní teoranta a ghabhann le cur chun feidhme an phlean agus le beartú tosaíochta neamhleor, thit an Ghearmáin chun deiridh maidir leis an bpróiseas cur chun feidhme. Shínigh an Ghearmáin a comhaontuithe oibríochtúla agus tá sí chun a céad iarratas ar íocaíocht a chur isteach. Chumhdódh an t- iarratas sin 36 gharsprioc agus sprioc a rianaíonn dul chun cinn feadh comhpháirteanna uile an RRP, a bhféadfadh eisíocaíocht suas le EUR 4 bhilliún a bheith dá thoradh.*

*Léirítear sna graif a leanas an sciar de chistí RRF leithdháilte do gach colún beartais in RRP na Gearmáine.*

*Fíor 12: Sciar de chistí RRF leithdháilte do gach colún beartais – an Ghearmáin*




***Tabhair faoi deara:*** *Rannchuidíonn gach beart le dhá réimse beartais de na sé cholún. Dá bhrí sin, leis an leithdháileadh iomlán chuig gach colún a thaispeántar anseo cuimsítear 200 % de chostas measta an RRP. Sa chuid íochtair léirítear méid an cholúin phríomha, agus sa chuid uachtar léirítear méid an cholúin tánaistigh.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

*Fíor 13: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an Ghearmáin*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh.* ***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus costas foriomlán measta an RRP faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus costas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* *https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html*

***An Eastóin***

***Chuir an Eastóin a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) tosaigh isteach an 18 Meitheamh 2021.*** *Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2021 agus formheas na Comhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021, fágadh an bealach saor chun EUR 969,3 milliún a eisíoc faoi RRF le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Eastóin a thabhairt cothrom le dáta go EUR 863,5 milliún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.*

***I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Eastóin isteach RRP leasaithe chuig an gCoimisiún an 9 Márta 2023*** *chun ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nárbh fhéidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe san RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF. Áiríodh sa RRP modhnaithe freisin caibidil REPowerEU nua le hathchóiriú breise amháin ar an gcóras ceadaithe um fhuinneamh in-athnuaite agus dhá infheistíocht nua chun an eangach leictreachais a neartú agus táirgeacht agus glacadh bithgháis agus bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú. D'fhormheas an Coimisiún an RRP athbhreithnithe an 12 Bealtaine 2023 agus d'fhormheas an Chomhairle é an 16 Meitheamh 2023.*

***Tá sé mar aidhm ag RRP na hEastóine atá i bhfeidhm faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas, lena n- áirítear éifeachtúlacht fuinnimh agus iompar inbhuanaithe, an t- aistriú digiteach san earnáil phoiblí agus phríobháideach, agus sláinte agus coimirce sóisialta.*** *Tá sé comhdhéanta de 28 n- athchóiriú agus 17 n- infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha EUR 953 mhilliún agus timpeall 3,03 % den OTI leo. Eisíocadh EUR 126,01 milliún don Eastóin go dtí seo faoi RRF i réamh- mhaoiniú an 17 Nollaig 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais tosaigh.*

***Tógáil leanúnach tramlíne Sheanphort Thaillinn arna maoiniú ag RRF***



Cóipcheart: An Coimisiún Eorpach

***Tá cur chun feidhme RRP na hEastóine faoi lán seoil.*** *Mar gheall ar bhoilsciú ard agus cur isteach ar shlabhraí soláthair mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, cuireadh moill ar roinnt infheistíochtaí nó cuireadh deireadh leo, rud a d'fhág go ndearnadh athbhreithniú ar an bplean tosaigh. Chuir an Eastóin an chéad iarratas ar íocaíocht isteach an 30 Meitheamh 2023 comhdhéanta den chéad agus dara tráthchuid agus ag comhfhreagairt do 29 ngarsprioc agus sprioc amháin sa phlean. Tá measúnú an Choimisiúin ar an iarratas ar íocaíocht fós ar siúl tráth a bhfuil an tuarascáil seo á hullmhú.*

*Léirítear sna graif a leanas an sciar de chistí RRF leithdháilte do gach colún beartais in RRP na hEastóine.*

*Fíor 14: Sciar de chistí RRF leithdháilte do gach colún beartais – an Eastóin*



***Tabhair faoi deara:*** *Rannchuidíonn gach beart le dhá réimse beartais de na sé cholún. Dá bhrí sin, leis an leithdháileadh iomlán chuig gach colún a thaispeántar anseo cuimsítear 200 % de chostas measta an RRP. Sa chuid íochtair léirítear méid an cholúin phríomha, agus sa chuid uachtar léirítear méid an cholúin tánaistigh.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

*Fíor 15: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an Eastóin*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh.* ***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus costas foriomlán measta an RRP faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus costas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

***Éire***

***Chuir Éire a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) tosaigh isteach an 25 Bealtaine 2021.****Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 agus formheas na Comhairle an 8 Meán Fómhair 2021, réitíodh an bealach chun 989 milliún a eisíoc i ndeontais faoi RRF le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais d'Éire a thabhairt cothrom le dáta go EUR 914 mhilliún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.*

***I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir Éire isteach RRP leasaithe chuig an gCoimisiún an 22 Bealtaine 2023*** *chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe san RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF. An nuashonrú ar phlean na hÉireann, ba nuashonrú teicniúil a bhí ann agus ghlac an Chomhairle leis an 14 Iúil 2023. Níor cuireadh aon Chaibidil REPowerEU isteach tráth a bhfuil an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.*

***Tá sé mar aidhm le RRP na hÉireann atá i bhfeidhm faoi láthair aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus digiteach, agus leis an téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch.*** *Tá sé comhdhéanta de 9 n- athchóiriú agus 16 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha EUR 914 mhilliún leo, ar fiú é agus 0.21 % den OTI in 2021.*

***Cosán rothaíochta nuathógtha arna thacú ag RRF***



***Tá cur chun feidhme RRP na hÉireann faoi lán seoil, ach tá moilleanna suntasacha ann.*** *Mar gheall ar acmhainní teoranta agus beartú tosaíochta neamhleor, thit Éire chun deiridh sa phróiseas cur chun feidhme. Tá an chéad iarratas ar íocaíocht, ag comhfhreagairt do 41 gharsprioc agus sprioc sa phlean, á ullmhú.*

*Léirítear sna graif a leanas an sciar de chistí RRF leithdháilte do gach colún beartais in RRP na hÉireann.*

*Fíor 16: Sciar de chistí RRF leithdháilte do gach colún beartais – Éire*




***Tabhair faoi deara:*** *Rannchuidíonn gach beart le dhá réimse beartais de na sé cholún. Dá bhrí sin, leis an leithdháileadh iomlán chuig gach colún a thaispeántar anseo cuimsítear 200 % de chostas measta an RRP. Sa chuid íochtair léirítear méid an cholúin phríomha, agus sa chuid uachtar léirítear méid an cholúin tánaistigh.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

***An Ghréig***

*Chuir an G**hréig a Plean Téarnaimh agus Athléimneachta (RRP) isteach an 27 Aibreán 2021.** Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 agus formheas na Comhairle an 13 Iúil 2021, fágadh an bealach saor chun EUR 17,8 billiún a eisíoc i dtacaíocht neamh- inaisíoctha agus EUR 12.7 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi RRF le linn thréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Ghréig a thabhairt cothrom le dáta go EUR 17,4 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.*

***I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Ghréig isteach RRP leasaithe chuig an gCoimisiún an 31 Lúnasa 2023** chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe san RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF agus chun iasachtaí breise a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán RRF. Áirítear san RRP athbhreithnithe caibidil REPowerEU nua le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise a bhaineann le hathchóirithe fuinnimh do theaghlaigh, gnó agus fóntais, margadh a chruthú do hidrigin in-athnuaite, bithmheatán agus gabháil carbóin, úsáid agus stóráil, dul i bhfód méadaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite, le bearta chun stóráil fuinnimh a chur chun cinn, chomh maith le hathchóirithe a chuireann gaoth amach ón gcósta chun cinn agus an t- aistriú i dtreo eangaí cliste agus comhroinnte fuinnimh. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na Gréige fós ar siúl tráth a bhfuil an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.*

***Tá sé d'aidhm ag RRP tosaigh na Gréige, arb é an RRP é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis na haistrithe glas agus digiteach, fostaíocht, scileanna agus comhtháthú sóisialta, infheistíocht phríobháideach, agus claochlú eacnamaíoch agus institiúideach.** Tá sé comhdhéanta de 68 n- athchóiriú agus 106 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha EUR 17,4 billiún agus an EUR 12,7 billiún in iasachtaí leo, ar fiú é agus 14,5 % den OTI in 2022. D'eisíoc an Coimisiún EUR 3.96 billiún don Ghréig i réamh- mhaoiniú an 9 Lúnasa 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.*

***Tá cur chun feidhm RRP na Gréige faoi lán seoil go dtí seo, ach tá roinnt dúshlán roimhe ag dul ar aghaidh.** Thíolaic an Ghréig trí iarratas ar íocaíocht ar thacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha agus dhá iarratas ar íocaíocht ar thacaíocht iasachta, rud a chomhfhreagraíonn do 85 gharsprioc agus sprioc sa phlean. Cuireadh an tríú iarratas ar íocaíocht isteach le haghaidh EUR 1,72 billiún isteach an 16 Bealtaine 2023 agus tá sé á mheasúnú ag an gCoimisiún tráth an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú. Go dtí seo, fuair an Ghréig eisíocaíocht fhoriomlán EUR 7,1 billiún as dhá iarratas ar íocaíocht fhormheasta, seachas réamh- mhaoiniú. Cé go raibh tús láidir ag an nGréig, tá rioscaí substaintiúla ag dul chun cinn, a bhfuil iarrachtaí leanúnacha de dhíth chun an móiminteam cur chun feidhme a chothabháil agus a bhreisiú. Tá líon suntasach athchóirithe agus infheistíochtaí sa phlean a léiríonn ualach riaracháin mór mar gheall ar a méid ollmhór. An tráth seo, tá cur chun feidhme an phlean ag teacht chuig céim a bhraithfidh ar rialtais réigiúnacha agus áitiúla, a bhfuil a n- inniúlacht riaracháin agus cur chun feidhme lag go ginearálta. Tá sraith réamhbheart ag teastáil, lena n- áirítear nósanna imeachta soláthair phoiblí, chun roinnt beart sa phlean a*

*chur i gcrích. Chun dul chun cinn tráthúil a áirithiú leo, beidh comhordú agus cúnamh leanúnach, láidir de dhíth le comhlachtaí cur chun feidhme áitiúla agus réigiúnacha.*

*Léirítear sna graif a leanas staid na hoibre maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an nGréig agus le measúnú ag an gCoimisiún ina dhiaidh sin go raibh siad comhlíonta go sásúil, agus áirítear samplaí de bhearta le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.*

***Samplaí de bhearta ábhartha le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta don Ghréig***

- ***Athchóiriú***

***Ghlac an Ghréig le hathchóiriú dírithe ar an gcreat ceadúnaithe d'fhoinsí in- athnuaite fuinnimh a chuíchóiriú****, lena n- áirítear simpliú agus digitiú nósanna imeachta, amanna freagartha níos giorra agus ceangailteacha agus nósanna imeachta cuntasachta maidir le moilleanna neamhriachtanacha, fad is a laghdaítear an doiciméadacht agus nósanna imeachta is gá a dhéanamh. Áirítear san athchóiriú seirbhís ilfhreastail a chruthú faoin Aireacht Chomhshaoil a mbeidh sé de chúram uirthi formhaoirseacht ar an bpróiseas ceadúnaithe uile a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, nascfaidh ardán digiteach fochórais agus bunachair sonraí éagsúla na gcomhlachtaí atá bainteach i gceadú, ag tabhairt deis dóibh cumarsáid níos fearr a dhéanamh eatarthu féin agus le hinfheisteoirí. Cuideoidh an t- athchóiriú leis an nGréig an meánam ceadúnaithe a laghdú d'fhoinsí in- athnuaite fuinnimh ó 5 bliana agus 14 mhí agus forbróidh sé 3,5 GW ar a laghad de stóráil fuinnimh faoi 2030.*

***Méadófar inniúlacht fhótavoltach nua sa Ghréig a bhuíochas leis an athchóiriú ar cheadú foinsí in- athnuaite fuinnimh arna thacú ag RRF***



- ***Infheistíocht***

***Cuireann RRP na Gréige €12,7 billiún ar fáil in iasachtaí chun cistiú a chur ar fáil do chuideachtaí agus tacú le hinfheistíocht phríobháideach i réimsí an aistrithe ghlais, an digitithe, inniúlacht onnmhairithe a mhéadú, barainneachtaí scála agus nuálaíocht****. Chun an cistiú seo chur i dtreo na hearnála príobháidí, bhunaigh an Ghréig an tSaoráid Iasachta.*

*Baineadh amach é sin trí ghlacadh lena creat rialachais, chomh maith le comhaontuithe arna síniú le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus glaonna chuig bainc thráchtála, ar comhpháirtithe cur chun feidhme iad. Déantar foráil sa chreat seo maidir le coimircí láidre chun acmhainneacht creidmheasa na cuideachta iasachtaíochta, inmharthanacht airgeadais na dtionscadal, aisíocaíocht cistí agus comhlíontacht leis na ceanglais a leagtar amach in RRP na Gréige a áirithiú. Cuireann an tSaoráid Iasachta leachtacht shubstaintiúil ar fáil don earnáil phríobháideach leis an ngealltanas go ndéanfadh institiúidí airgeadais infheistíocht 38.5 % ar a laghad de na cistí chun tacú leis an aistriú aeráide agus 20.8 % ar a laghad de na cistí chun tacú leis an aistriú digiteach. Le síniú na gconarthaí iasachta ar fiú EUR 586,4 milliún iad ar a laghad idir institiúidí airgeadais agus infheisteoirí, bhain an Ghréig amach a céad sprioc faoin tSaoráid Iasachta níos túisce ná mar a bhí coinne leis.*

*Fíor 17: Eisíocaíocht in aghaidh an cholúin – an Ghréig*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisíocaíocht, ar feadh na sé cholún. Léirítear sa ghraf seo an chaoi a mbaineann eisíocaíochtaí faoi RRF (seachas réamh- mhaoiniú) leis na colúin. Ríomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisíocaíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) a mbearta faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

*Fíor 18: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an Ghréig*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh.* ***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

*Fíor 19: Foriomlán na n- iasachtaí arna n- eisíoc faoi RRF – an Ghréig*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi RRF. Ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid foriomlán na n- iasachtaí a thugtar do gach Ballstát trí mheasúnú ar a iarraidh ar iasacht agus ní féidir leis 6,8 % dá OTI in 2019 a shárú.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

*F… …ıs spriocanna – an Ghréig*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna comhlíonta go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an gharsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

***An Spáinn***

***Chuir an Spáinn a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 30 Aibreán 2021.*** *Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2021 agus formheas na Comhairle an 13 Iúil 2021, fágadh an bealach saor chun EUR 69,5 billiún a eisíoc i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF le linn thréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Spáinn a thabhairt cothrom le dáta go EUR 77,2 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.*

***I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Spáinn isteach RRP leasaithe chuig an gCoimisiún an 6 Meitheamh 2023*** *chun ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe san RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF, agus chun iasachtaí breise a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán RRF. Áirítear san RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise dírithe ar dhícharbónú a gheilleagair a bhrostú. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na Spáinne fós ar siúl tráth a bhfuil an tuarascáil seo á hullmhú.*

***Tá sé d'aidhm ag RRP na Spáinne, arb é an RRP é atá i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas, leis an aistriú digiteach agus leis an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta.*** *Tá sé comhdhéanta de 102 athchóiriú agus 112 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha EUR 69,5 billiún leo, ar fiú é agus 6,5 % den OTI. D'eisíoc an Coimisiún EUR 9 mbilliún don Spáinn i réamh- mhaoiniú an 17 Lúnasa 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.*

***Tá cur chun feidhm RRP na Spáinne faoi lán seoil go dtí seo, ach tá roinnt dúshlán roimhe ag dul ar aghaidh.*** *Chuir an Spáinn 3 iarratas ar íocaíocht isteach, a chomhfhreagraíonn do 121 gharsprioc agus sprioc atá sa phlean agus eisíocaíocht fhoriomlán EUR 28 mbilliún mar thoradh orthu. Áirítear ar bhearta RRP a cuireadh chun feidhme go dtí seo athchóirithe ar an margadh saothair, an chéad sraith d'athchóirithe pinsin, nuachóiriú na Gníomhaireachta um Riarachán Cánach agus calaois chánach a chosc, formheas na Straitéise um Shláinte Phoiblí, agus athbhreithniú ar an Dlí Dócmhainneachta, an Dlí Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, an dlí maidir le Teileachumarsáid, an dlí maidir leis an gCóras Gairmoiliúna comhtháite agus an dlí ginearálta maidir le Cumarsáid Chlosamhairc. Bunaithe ar shonraí a d'fhoilsigh údaráis na Spáinne, tá na hinfheistíochtaí arna dtacú ag an RRP faoi lán seoil, agus tá 76 % den níos mó ná EUR 50 billiún de chistiú RRF buiséadaithe in 2021 agus 2022 geallta faoi dheireadh 2022. Aistríodh EUR 20,6 billiún chuig réigiúin chun infheistíochtaí faoi RRP a chur chun feidhme. Fad is go raibh an Spáinn i measc na mBallstát is faide ar aghaidh i gcur chun feidhme an phlean, tá coinne aici anois é a athbhreithniú chuig níos mó ná dhá oiread a mhéid. Ba cheart acmhainneacht riaracháin leordhóthanach atreisithe a bheith ag gabháil leis sin chun a áirithiú go n- ionsúfar cistí téarnaimh agus athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais agus cistí náisiúnta eile ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.*

*Léirítear sna graif a leanas staid na hoibre maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an Spáinn agus le measúnú ag an gCoimisiún ina dhiaidh sin go raibh siad comhlíonta go sásúil, agus áirítear samplaí de bhearta le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.*

***Samplaí de bhearta ábhartha le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta don Spáinn***

- ***Athchóiriú***

***Leasaigh an Spáinn a reachtaíocht faoi RRP agus é mar chuspóir aici úsáid conarthaí sealadacha a theorannú chuig cásanna ina bhfuil údar leo agus úsáid conarthaí oscailte a ghinearálú****. Tá ardleibhéil den fhostaíocht shealadach mar shaintréith de mhargadh saothair na Spáinne. Tá an t- athchóiriú ar an margadh saothair a formheasadh i mí na Nollag 2021 ag cuidiú chun fostaíocht shealadach san earnáil phríobháideach a laghdú. Tugtar le fios i gconarthaí nua a síníodh le linn 2022 laghdú fairsing sa sciar de chonarthaí téarma seasta, agus iad ag titim ar an bhforiomlán chuig 62 %, síos ó 90 % in 2019. Thit sciar na bhfostaithe sealadacha san earnáil phríobháideach chuig 14.8 % in R4 2022, síos ó 23,9 % in R4 2021.*

- ***Infheistíocht***

***D'fhormheas an Spáinn clár chun inniúlacht san oideachas digiteach a fheabhsú (ar a dtugtar #CompDigEdu) agus clár maidir le digitiú an chórais oideachais****. Trí na cláir seo, feisteofar ar a laghad 240 000 seomra ranga, cuirfear oiliúint ar 700 000 múinteoir agus ullmhófar nó athbhreithneofar straitéis dhigiteach le haghaidh 22 000 ionad scoile poiblí agus fóirdheontaithe go poiblí ar a laghad, agus soláthrófar 300 000 gaireas digiteach nasctha (ríomhairí glúine, táibléid) i scoileanna poiblí agus fóirdheontaithe go poiblí, i gcomhar leis na Pobail Fhéinrialaitheacha.*

***Tacaíonn RRF le hionad Barr Feabhais Gairme Tknika***



Cóipcheart: An Coimisiún Eorpach

*Fíor 21: Eisíocaíocht in aghaidh an cholúin – an Spáinn*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisíocaíocht, ar feadh na sé cholún. Léirítear sa ghraf seo an chaoi a mbaineann eisíocaíochtaí faoi RRF (seachas réamh - mhaoiniú) leis na colúin. Ríomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisíocaíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) a mbearta faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

*Fíor 22: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an Spáinn*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh.* ***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF*
[https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

*neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF*
[https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

*Fíor 23: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – an Spáinn*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna comhlíonta go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an gharsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF*
[https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

***An Fhrainc***

***Chuir an Fhrainc a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) tosaigh isteach an 29 Aibreán 2021.*** *Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2021 agus formheas na Comhairle an 13 Iúil 2021, fágadh an bealach saor chun EUR 39,4 billiún a eisíoc i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF le linn thréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Fhrainc a thabhairt cothrom le dáta go EUR 37,5 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.*

***I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Fhrainc isteach RRP leasaithe chuig an gCoimisiún an 20 Aibreán 2023*** *chun ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe san RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF. Áiríodh san RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, an tionscal glan- nialasachta agus hidrigin in-athnuaite. D'fhormheas an Coimisiún an RRP athbhreithnithe an 26 Meitheamh 2023 agus d'fhormheas an Chomhairle é an 14 Iúil 2023.*

***Tá sé mar aidhm le RRP na Fraince atá i bhfeidhm faoi láthair na haistrithe glasa agus digiteacha a bhrostú, fás féideartha a mhéadú agus comhtháthú a neartú.*** *Tá an plean comhdhéanta de 24 athchóiriú agus 73 infheistíocht a dtacóidh an tacaíocht neamh- inaisíoctha EUR 40,3 billiún leo (1,6 % den OTI). D'eisíoc an Coimisiún EUR 5,1 billiún don Fhrainc i réamh- mhaoiniú an i Lúnasa 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.*

***Tá cur chun feidhme RRP na Fraince faoi lán seoil.*** *Chuir an Fhrainc iarratas amháin ar íocaíocht isteach a chomhfhreagraíonn do 38 ngarsprioc agus sprioc sa phlean agus a raibh eisíocaíocht fhoriomlán EUR 7 400 000 dá dtoradh an 4 Márta 2022. Cumhdaítear leo athchóirithe i réimsí an airgeadais phoiblí, an athraithe aeráide, na tithíochta, soghluaisteachta, an mhargaidh shaothair, scileanna agus sláinte. Baineann roinnt spriocanna le hinfheistíochtaí móra i réimsí an athchóirithe fuinnimh ar fhoirgnimh, dícharbónú na tionsclaíochta, feithiclí glana, taighde, fostaíocht don aos óg, agus oideachas. Chuir an Fhrainc freisin isteach an dara iarratas ar íocaíocht de níos mó ná EUR 10,3 billiún an 31 Iúil 2023, ag comhfhreagairt do 55 gharsprioc agus sprioc sa phlean. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar aighneacht na Fraince tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.*

*Léirítear sna graif a leanas staid na hoibre maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an bhFrainc agus le measúnú ag an gCoimisiún ina dhiaidh sin go raibh siad comhlíonta go sásúil, agus áirítear samplaí de bhearta le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.*

***Athchóiriú teirmeach ar fhoirgneamh tithíocht mac léinn stairiúil in Cité Internationale Universitaire i bPáras.***



Cóipcheart: An Coimisiún Eorpach

***Samplaí de bhearta ábhartha le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta don Fhrainc***

- ***Athchóiriú***

***Thug an Fhrainc isteach dlí um Aeráid agus Athléimneacht****, arna ghlacadh an 20 Iúil 2021, chun sprioc an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 55 % ar a laghad faoi 2030 a chomhlíonadh. Tá coinne leis go mbainfidh an t- athchóiriú seo amach laghdú measta idir 56 agus 74 mhilliún tona de choibhéis CO2 san iomlán.*

- ***Infheistíocht***

***Tugann an Fhrainc isteach fóirdheontais fostaithe do dhaoine óga faoi 26****. Tá 84 % de na fóirdheontais fostaithe do dhaoine óga faoi 26 á maoiniú ag RRF. Faigheann fostóirí a fhostaíonn duine óg faoi 26 suas le EUR 4 000 in aghaidh na bliana as conradh lánaimseartha. I gcomhthéacs RRP na Fraince, thairbhigh 337 000 duine óg den scéim faoi lár 2021. Tá an scéim tacaíochta seo ar cheann de phríomhbhearta an phlean óige '1 jeune, 1 solution' a seoladh i samhradh 2020 chun réiteach leordhóthanach a thabhairt do gach*

duine óg sa tír chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais, más oideachas, oiliúint nó fostaíocht, cóitseáil nó tacaíocht airgeadais atá i gceist.

*Fíor 24: Eisíocaíocht in aghaidh an cholúin – an Fhrainc*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisíocaíocht, ar feadh na sé cholún. Léirítear sa ghraf seo an chaoi a mbaineann eisíocaíochtaí faoi RRF (seachas réamh- mhaoiniú) leis na colúin. Ríomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisíocaíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) a mbearta faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

*Fíor 25: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an Fhrainc*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh.* ***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

*Fíor 26: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – an Fhrainc*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna comhlíonta go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an gharsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

***An Chróit***

***Chuir an Chróit a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) isteach an 14 Bealtaine 2021.*** *Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 8 Iúil 2021 agus formheas na Comhairle an 28 Iúil 2021, fágadh an bealach saor chun EUR 6,3 billiún a eisíoc i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF le linn thréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Chróit a thabhairt cothrom le dáta go EUR 5,51 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.*

***I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Chróit isteach RRP leasaithe chuig an gCoimisiún an 31 Lúnasa 2023*** *chun ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe san RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF agus chun iasachtaí breise a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán RRF. Áirítear san RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise agus méadaithe a bhaineann le slándáil fuinnimh, glacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, iompar, agus hidrigin in-athnuaite. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na Cróite fós ar siúl tráth a bhfuil an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.*

***Tá sé d'aidhm ag RRP na Cróite, arb é an RRP é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis na haistrithe digiteacha agus glasa a bhrostú, athléimneacht eacnamaíoch agus sóisialta a neartú, agus riarachán poiblí níos éifeachtúla a thógáil.*** *Tá sé comhdhéanta de 76 athchóiriú agus 146 shnáithe infheistíochta a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha EUR 5,51 billiún leo, ar fiú é agus 9.5 % de OTI 2021. D'eisíoc an Coimisiún EUR 818,4 milliún don Chróit i réamh- mhaoiniú an 28 Meán Fómhair 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.*

***Tá cur chun feidhme RRP an Chróit faoi lán seoil.*** *Chuir an Chróit trí iarratas ar íocaíocht isteach, a chomhfhreagraíonn do 104 gharsprioc agus sprioc atá sa phlean. Formheasadh dhá iarratas ar íocaíocht go seo a chomhfhreagraíonn do 59 ngarsprioc agus sprioc, a raibh eisíocaíocht fhoriomlán EUR 1,4 billiún dá dtoradh. Cuireadh isteach an tríú iarratas ar íocaíocht ar EUR 700 milliún an 24 Iúil 2023 agus tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún air tráth a bhfuil an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú. Ag an gcéim seo de chur chun feidhme an phlean, tá na bearta comhdhéanta de mhéid mhór de dhoiciméid um chreat straitéiseach náisiúnta a ghlacadh (athbhreithnithe nó reachtaíocht, straitéisí, cláir nua) chun cosán a dhéanamh do chaitheamh infheistíocht éifeachtúil faoi thráthchodanna amach anseo. Tá sciar nach beag de chistí RRP ar fáil cheana féin faoi ghlaonna ar thionscadail agus cláir chistiúcháin spriocdhírithe.*

*Léirítear sna graif a leanas staid na hoibre maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an gCróit agus le measúnú ag an gCoimisiún ina dhiaidh sin go raibh siad comhlíonta go sásúil, agus áirítear samplaí de bhearta le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.*

***Samplaí de bhearta ábhartha le garspriocanna agus spriocanna comhlíonta don Chróit***

- ***Athchóiriú***

***Tá straitéis frithéillithe nua glactha ag an gCróit le haghaidh 2021-2030.*** *Tá sé mar aidhm léi rialacha agus institiúidí atá ann cheana atá bainteach leis an gcomhrac in aghaidh an éilithe a neartú agus trédhearcacht obair na n- údarás poiblí a mhéadú. Feabhsófar léi freisin na córais bhainistíochta chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus chun feasacht phoiblí a ardú maidir leis an díobháil a tharlaíonn de bharr éilithe agus an gá chun mírialtachtaí a thuairisciú.*

- ***Infheistíocht***

***Bhronn an Chróit 75 chonradh ar fhiontair bheaga, mheánmhéide agus mhóra, chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú i bpróisis táirgeacht tionsclaíoch i dtionscal na monaraíochta atá dian ó thaobh fuinnimh de agus úsáid foinsí in-athnuaite a mhéadú****. Sa chleachtas, feabhsófar leis na hinfheistíochtaí próisis táirgthe i dtionscail mhonaraíochta chun tomhaltas fuinnimh a laghdú 20 % go 40 % ar a laghad ag brath ar an gcineál infheistíochta.*

***Painéil fhótavoltacha arna maoiniú ag RRF a suiteáladh ar dhíon FBM in Voćin, Contae Virovitica - Podravina***



Cóipcheart: Rialtas Phoblacht na Cróite

*Fíor 27: Eisíocaíocht in aghaidh an cholúin – an Chróit*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisíocaíocht, ar feadh na sé cholún. Léirítear sa ghraf seo an chaoi a mbaineann eisíocaíochtaí faoi RRF (seachas réamh- mhaoiniú) leis na colúin. Ríomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisíocaíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) a mbearta faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* *https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html*

*Fíor 28: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an Chróit*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh.* ***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF*
*https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html*

*Fíor 29: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – an Chróit*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna comhlíonta go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an gharsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF*
*https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html*

***An Iodáil***

***Chuir an Iodáil a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) tosaigh isteach an 30 Aibreán 2021.*** *Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2021 agus formheas na Comhairle an 13 Iúil 2021, fágadh an bealach saor chun EUR 68,9 billiún a eisíoc i dtacaíocht neamh- inaisíoctha agus EUR 122.6 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi RRF le linn thréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Iodáil a thabhairt cothrom le dáta go EUR 69 mbilliún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.*

***I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Iodáil PTAnna leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin, an 11 Lúnasa 2023 agus an 7 Lúnasa 2023 faoi seach.*** *Cuireadh an chéad RRP leasaithe isteach chun tacar sonrach garspriocanna agus spriocanna a áirítear sa cheathrú hiarratas ar íocaíocht a mhodhnú, mar gheall ar imthosca oibiachtúla nach féidir garspriocanna agus spriocanna áirithe a bhaint amach a thuilleadh sa RRP i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF. Ba de chineál teicniúil an chéad nuashonrú ar phlean na hIodáile agus d'fhormheas an Coimisiún é an 28 Iúil 2023 agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle é lena fhormheas. Cuireadh an dara RRP leasaithe isteach chun an ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe sa RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF. Áirítear sa dara RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, scileanna glasa, éifeachtúlacht fuinnimh, agus bonneagar leictreachais. Tá measúnú an Choimisiúin ar dara haighneacht na hIodáile fós ar siúl tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.*

***Maoineoidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta EUR 191,6 billiún d'infheistíocht san Iodáil thar an tréimhse 2022-2026 (10,7 % de OTI).*** *132 infheistíocht agus 58 athchóiriú atá in RRP tosaigh na hIodáile, arb é an RRP é atá fós i bhfeidhm. Is í an Iodáil an tairbhí is mó de RRF i ndearbhthéarmaí. D'eisíoc an Coimisiún EUR 24,89 milliún don Iodáil i réamh- mhaoiniú an 13 Lúnasa 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.*

***Tá cur chun feidhme phlean na hIodáile faoi lán seoil, ach tá baol ag méadú i gcónaí go mbeidh moilleanna ann.*** *Chuir an Iodáil trí iarratas ar íocaíocht isteach, a chomhfhreagraíonn do 151 gharsprioc agus sprioc atá sa phlean agus eisíocaíocht fhoriomlán EUR 42 bhilliún mar thoradh orthu (ag tagairt don chéad dá iarratas ar íocaíocht a cuireadh isteach). An 30 Nollaig 2022, chuir an Iodáil a tríú hiarraidh íocaíochta isteach, ar fhormheas an Coimisiún an réamh- mheasúnú ina leith an 28 Iúil 2023. Tá sé ríthábhachtach leanúint go gasta le cur chun feidhme an phlean agus leis an gcaibidlíocht ar a leasú mar gheall ar nádúr sealadach na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta atá i bhfeidhm go dtí 2026.*

*Léirítear sna graif a leanas staid na himeartha faoi láthair i leith na ngarspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an Iodáil agus a measadh ina dhiaidh sin a bheith comhlíonta*

*go sásúil ag an gCoimisiún, agus áirítear samplaí de bhearta ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.*

***Samplaí de bhearta ábhartha ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlíonta don Iodáil***

- ***Athchóiriú***

***Choinnigh an Iodáil an iarracht chun an riarachán poiblí a athchóiriú trí na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha uile a bhaineann le hathchóiriú na fostaíochta poiblí a ghlacadh****. Glacadh an reachtaíocht phríomha in 2022. Tá na gníomhartha cur chun feidhme uile tagtha i bhfeidhm anois. Cuirfidh an chéim sin le bainistíocht níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar an bhfórsa oibre poiblí i riarachán poiblí na hIodáile, ó earcaíocht go dul chun cinn gairme. Tá na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha go háirithe chun feidhmiú céimneach éifeachtach an athchóirithe a áirithiú agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme aonchineálach ar fud na rialtas poiblí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil súil ag an Iodáil cheana féin le roinnt gníomhartha tánaisteacha, a glacadh i bhfad roimh an sprioc- am atá beartaithe dóibh, chun na forálacha atá leabaithe sa reachtaíocht phríomhúil a leagan amach ar bhealach níos fearr agus i bhfianaise a ábhartha atá siad maidir le cur chun feidhme coincréiteach an athchóirithe.*

- ***Infheistíocht***

***D'éirigh leis an Iodáil dearadh, ullmhú, leagan amach agus tástáil ceithre lárionad sonraí a chur i gcrích, ar lárionaid iad atá ina gcroílár de bhonneagar cibearríomhaireachta náisiúnta nua, ar a dtugtar "Polo Strategico Nazionale" (PSN)****, atá dírithe ar chórais faisnéise, sonraí agus feidhmchláir na riarachán poiblí a óstáil. Bainfidh na chéad chéimeanna eile den infheistíocht leis an aistriú chuig cibearbhonneagar na dtacar sonraí agus feidhmchlár 280 Riarachán Poiblí Lárnach agus Údarás Cúraim Sláinte Áitiúil ar a laghad.*

***Tacóidh RRF le hinfheistíochtaí i lárionaid sonraí chun cibearacmhainneacht na hIodáile a mhéadú.***



*Fíor 30: Eisíocaíocht in aghaidh an cholúin – an Iodáil*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisíocaíocht, ar feadh na sé cholún. Léirítear sa ghraf seo an chaoi a mbaineann eisíocaíochtaí faoi RRF (gan réamh - mhaoiniú a áireamh) leis na colúin. Ríomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisíocaíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) a mbeart faoi seach.*
***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

*Fíor 31: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an Iodáil*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh.* ***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [*https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html*](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi RRF. Ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid foriomlán na n- iasachtaí a thugtar do gach Ballstát trí mheasúnú ar a iarraidh ar iasacht agus ní féidir leis 6,8 % dá OTI in 2019 a shárú.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [*https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html*](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

**Commented [OCS1]:** This shape has been converted to an inline shape. Please check the position.

*Fíor 33: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – an Iodáil*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna comhlíonta go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an gharsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur chun feidhme.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [*https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html*](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

***An Chipir***

***Chuir an Chipir a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 17 Bealtaine 2021.*** *Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 8 Iúil 2021 agus formheas na Comhairle an 28 Iúil 2021, réitíodh an bealach chun EUR 1 bhilliún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha agus EUR 0.2 billiún in iasachtaí faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Chipir cothrom le dáta thairis sin go méid EUR 916 mhilliún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.*

***I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Chipir RRP leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin an 1 Meán Fómhair 2023*** *chun an ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe sa RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF. Áirítear sa phlean athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU ina bhfuil athchóirithe agus infheistíochtaí breise agus méadaithe a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, leictriú iompair, agus taighde agus forbairt i réimse an aistrithe ghlais. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na Cipire fós ar siúl tráth a bhfuil an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.*

***Tá sé d'aidhm ag RRP tosaigh na Cipire, arb é an RRP é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú dúbailte (an t- aistriú glas agus an t- aistriú digiteach), le sláinte phoiblí agus le cosaint shibhialta, agus chun borradh a chur faoina hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach.*** *Is éard atá ann 75 infheistíocht agus 58 n- athchóiriú a fhaigheann tacaíocht ó EUR 916 mhilliún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha agus EUR 200 milliún in iasachtaí, arb ionann iad agus 4,1 % de OTI 2022 tar éis an ranníocaíocht uasta airgeadais a thabhairt cothrom le dáta. D'eisíoc an Coimisiún EUR 157 milliún don Chipir i réamh- mhaoiniú i Meán Fómhair 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.*

***Tá cur chun feidhme phlean na Cipire faoi lán seoil, ach tá baol ag méadú i gcónaí go mbeidh moilleanna ann.*** *Chuir an Chipir aon iarraidh amháin ar íocaíocht isteach, iarraidh a chomhfhreagraíonn do 14 gharsprioc atá sa phlean agus eisíocaíocht fhoriomlán EUR 85 mhilliún an 2 Nollaig 2022 an toradh a bhí orthu. Leis na 14 gharsprioc ghaolmhara, cumhdaítear bearta san earnáil airgeadais agus sa riarachán poiblí, agus i réimsí an mhargaidh leictreachais, na héifeachtúlachta fuinnimh, an gheilleagair chiorclaigh, an fhrithéillithe agus na trédhearcachta, na ríomhscileanna agus an iniúchta agus an rialaithe bhuiséadaigh. Is de chineál réasúnta mór agus casta é RRP na Cipire. Tá rialachas láidir agus faireachán leanúnach ar an PTA ríthábhachtach chun an baol moilleanna a íoslaghdú.*

*Léirítear sna graif a leanas staid na himeartha faoi láthair i leith na ngarspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an gCipir agus a measadh ina dhiaidh sin a bheith comhlíonta go sásúil ag an gCoimisiún, agus áirítear samplaí de bhearta ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.*

***Samplaí de bhearta ábhartha ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlíonta don Chipir***

- ***Athchóiriú***

***Tháinig dlí i bhfeidhm sa Chipir chun sceithirí a thuairiscíonn calaois agus éilliú a chosaint ar smachtbhannaí inmheánacha***. *In éineacht le teacht i bhfeidhm an dlí lena mbunaítear an tÚdarás Neamhspleách in aghaidh an Éillithe agus le teacht i bhfeidhm an dlí maidir le Trédhearcacht i gCinnteoireacht agus in Ábhair Ghaolmhara, soláthraíonn sé comhleanúnachas níos fearr sa chomhrac in aghaidh an éillithe.*

***Leis an athchóiriú a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirfear feabhas ar an gcomhrac in aghaidh éilliú sa Chipir***



- ***Infheistíocht***

***D'fhoilsigh an Chipir glao ar thograí le haghaidh scéim tacaíochta chun infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn, go háirithe in FBManna agus in eagraíochtaí neamhbhrabúsacha****, agus é mar aidhm leo an tomhaltas fuinnimh phríomhúil a laghdú 30 % ar a laghad agus astaíochtaí $CO_2$ i bhfoirgnimh agus/nó i saoráidí. Cuirfear idirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh chun feidhme go hiomlán faoi dheireadh 2025.*

*Fíor 34: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – an Chipir*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna comhlíonta go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an gharsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [*https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html*](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

*Fíor 35: Eisíocaíocht in aghaidh an cholúin – an Chipir*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisíocaíocht, ar feadh na sé cholún. Léirítear sa ghraf seo an chaoi a mbaineann eisíocaíochtaí faoi RRF (seachas réamh- mhaoiniú) leis na colúin. Ríomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisíocaíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) a mbearta faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF* [*https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html*](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

*Fíor 36: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an Chipir*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh.* ***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF*

[https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

*Fíor 37: Foriomlán na n- iasachtaí arna n- eisíoc faoi RRF – an Chipir*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi RRF. Ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid foriomlán na n- iasachtaí a thugtar do gach Ballstát trí mheasúnú ar a iarraidh ar iasacht agus ní féidir leis 6,8 % dá OTI in 2019 a shárú.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF*

[https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)

***An Laitvia***

***Chuir an Laitvia a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 30 Aibreán 2021.*** *Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2021 agus formheas na Comhairle an 13 Iúil 2021, réitíodh an bealach chun EUR 1,8 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Laitvia cothrom le dáta thairis sin go méid EUR 1,8 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha. Níor cuireadh aon athbhreithniú ar an bplean isteach tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.*

***Tá sé d'aidhm ag RRP tosaigh na Laitvia, arb é an RRP é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis na haistrithe glasa agus digiteacha, le neamhionannais réigiúnacha agus shóisialta, le cúram sláinte, le claochlú eacnamaíoch agus le smacht reachta.*** *Tá sé comhdhéanta de 24 athchóiriú agus 61 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha dar luach EUR 1.8 billiún leo, ar fiú é agus 5,58 % de OTI na Laitvia in 2021. D'eisíoc an Coimisiún EUR 237,4 milliún don Laitvia i réamh- mhaoiniú an 10 Meán Fómhair 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh tosaigh airgeadais.*

***Tá cur chun feidhme RRP na Laitvia faoi lán seoil.*** *Chuir an Laitvia aon iarraidh amháin ar íocaíocht isteach, iarraidh a chomhfhreagraíonn do naoi ngarsprioc atá sa phlean agus eisíocaíocht fhoriomlán EUR 201 mhilliún an 7 Deireadh Fómhair 2022 an toradh a bhí orthu. Cumhdaítear leis na naoi ngarsprioc ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha i réimsí an chórais tacaíochta ioncaim íosta, an bhonneagair leathanbhanda, bhonneagar na n- institiúidí oideachais agus na cianfhoghlama. I measc na réimsí eile a chumhdaítear tá soláthar poiblí, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus iomadaithe a chosc, chomh maith le teaghaisí ar chíos íseal a thógáil. Tá an dara hiarratas ar íocaíocht dlite in 2023 agus cumhdóidh sé 49 ngarsprioc agus sprioc.*

*Léirítear sna graif a leanas staid na himeartha faoi láthair i leith na ngarspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an Laitvia agus a measadh ina dhiaidh sin a bheith comhlíonta go sásúil ag an gCoimisiún, agus áirítear samplaí de bhearta ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.*

***Samplaí de bhearta ábhartha ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlíonta don Laitvia***

- ***Athchóiriú***

***Tá feabhas curtha ag an Laitvia ar choinníollacha an athchóirithe ioncaim íosta trí chreat straitéiseach a ghlacadh chun an córas tacaíochta ioncaim íosta a fhorbairt tuilleadh.*** *Is é cuspóir ginearálta an athchóirithe seo neamhionannas a laghdú, feabhas a chur ar an líontán sábhála sóisialta, lánpháirtiú sóisialta agus cuimsiú sóisialta a chothú sa Laitvia. Leis an athchóiriú, déantar athbhreithniú ar íostairseach an ioncaim íosta trína shocrú ag*

*20 % ar a laghad den ioncam airmheánach agus déantar foráil maidir le nós imeachta chun innéacsú dearfach a dhéanamh ar bhonn bliantúil. Roimhe seo, bhí tairseacha i dtéarmaí ainmniúla ag an gcóras ioncaim íosta agus rinneadh athbhreithniú air uair amháin i gceann 3 bliana. Bhí ceithre chuid sa chreat straitéiseach, a glacadh idir mí Lúnasa 2021 agus mí an Mhárta 2022.*

- ***Infheistíocht***

***Chuir an Laitvia rochtain ar ábhar foghlama ar fáil agus chuir sí ar chumas grúpaí atá leochaileach go sóisialta a bheith rannpháirteach sa chianfhoghlaim****. Formheasadh creat chun cianfhoghlaim a eagrú agus a chur chun feidhme in institiúidí oideachais in 2021. Is éard atá san infheistíocht sa RRP trealamh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a cheannach d'institiúidí oideachais ghinearálta, le tacaíocht spriocdhírithe do dhaltaí ó ghrúpaí atá leochaileach go sóisialta, múinteoirí agus "leabharlann ríomhaireachta" a chruthú in institiúidí oideachais. Tá rialacháin Chomh- aireacht na nAirí glactha cheana féin ag an Laitvia lena leagtar síos na critéir agus na coinníollacha chun cianfhoghlaim a eagrú agus a stiúradh chun a áirithiú go n- eagrófar agus go gcuirfear chun feidhme an chianfhoghlaim i ngach institiúid oideachais agus leibhéal oideachais sa Laitvia. Sna blianta atá le teacht, cuirfidh an Laitvia trealamh TFC ar fáil d'fhoghlaimeoirí leochaileacha.*

***Le tacaíocht ó RRF, formheasadh creat chun cianfhoghlaim a eagrú agus a chur chun feidhme in institiúidí oideachais in 2021***



*Fíor 38: Eisíocaíocht in aghaidh an cholúin – an Laitvia*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisíocaíocht, ar feadh na sé cholún. Léirítear sa ghraf seo an chaoi a mbaineann eisíocaíochtaí faoi RRF (gan réamh- mhaoiniú a áireamh) leis na colúin. Ríomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisíocaíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) a mbeart faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF [https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

*Fíor 39: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha arna heisíoc faoi RRF – an Laitvia*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh.* ***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo méid na tacaíochta neamh- inaisíoctha a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, réamh- mhaoiniú san áireamh. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíoctha a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF*
*[https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*

*Fíor 40: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – an Laitvia*




***Tabhair faoi deara:*** *Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna comhlíonta go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an gharsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.*

***Foinse:*** *Scórchlár RRF*
*[https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html](https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html)*